


**Eolas d’othair agus don teaghlach, cúramóirí agus caomhnóirí s’acu**

# Fuilaistriúchán á fháil agat

**Is eolas tábhachtach é seo do na hothair ar fad a d’fhéadfadh sé go mbeadh fuilaistriúchán de chealla dearga, de phláitíní nó de phlasma de dhíth orthu.**

Is féidir teacht ar eolas breise eile maidir leis na comhábhair fola ar leith, maidir le grúpaí sonracha d’othair agus maidir le páistí óga, tríd an tseirbhís áitiúil fuilaistriúcháin s’agat.

Sa bhileog seo, mínítear fá na cúiseanna a bheadh comhairle tugtha duit le fuilaistriúchán a fháil de chomhábhair amhail cealla dearga, pláitíní nó plasma.

Cosúil le gach cóireáil leighis eile, ní cóir fuilaistriúchán a dhéanamh ach amháin go bhfuil sé fíor-riachtanach, agus ní cóir sin ach i ndiaidh breathnú tomhaiste. Meáfar an priacal a bheas ann duit má fhaigheann tú an fuilaistriúchán agus muna bhfaigheann.

I gcás éigeandála, d'fhéadfadh sé nárbh fhéidir na roghanna uilig a phlé ag an am. Má tharlaíonn sé sin, labhróidh do dhochtúir leat fán fhuilaistriúchán a bhí agat a luaithe agus is féidir leis sin a dhéanamh.

Má tá cárta agat ar a bhfuil luaite go bhfuil fuil de chineál ar leith riachtanach duit, nó más eol duit sin as siocair na staire liachta s'agat, iarrtar ort an cárta a thaispeáint a luaithe agus is féidir do duine de na baill foirne atá ag tabhairt cúraim duit agus iarr air é sin a chur in iúl dóibh siúd atá sa tsaotharlann fuilaistriúcháin san otharlann.

## Cad chuige a mbeadh fuilaistriúchán de dhíth orm?

Tá roinnt ceall agus substaintí éagsúla ina gcomhábhair den fhuil:

- Is iad na cealla dearga a iompraíonn ocsaigin thart timpeall na colainne; agus nuair a bhíonn ganntanas fuilchealla dearga atá folláin ann, tugtar anaemacht air sin. Tugtar fuilaistriúchán de chealla dearga do dhuine de ghnáth nuair a bhíonn ganntanas cealla dearga san fhuil aige, bíodh sin cionn is go bhfuil easpa amhábhar sa cholainn, nó nach bhfuil an cholainn ag táirgeadh go leor acu, nó mar gheall ar chailleadh fola. I gcásanna áirithe, is féidir an anaemacht a chóireáil le cógais leighis amhail iarann; i gcásanna eile d'fhéadadh sé go mbeadh fuilaistriúchán ar an rogha is fearr, nó ar an aon rogha amháin.
- Is cealla san fhuil iad na pláitíní a choisceann fuiliú agus a chuidíonn leis an fhuil téachtadh. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le fuilaistriúchán pláitíní le líon na bpláitíní i do chuid fola a mhéadú nó ar mhaithe le cinn fholláine a chur in ionad pláitíní nach bhfuil ag feidhmiú mar is ceart, le fuiliú a chóireáil nó a chosc.
- Is é is plasma ann ná an leacht atá san fhuil a sheolann na fuilcealla thart timpeall na colainne. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le fuilaistriúchán plasma le fuiliú a chóireáil nó a chosc má bhíonn ganntanas fachtóirí téachta agat. I measc na gcomhábhar plasma, tá plasma úr-reoite (PÚR), ina bhfuil a lán fachtóirí téachta éagsúla, agus crióidheascán ina bhfuil fachtóir téachta darb ainm fibrinigin den chuid is mó.

Thig le formhór na ndaoine méid measartha de chailleadh fola a shárú gan gá le fuilaistriúchán, mar thar ama táirgeann an cholainn cealla fola agus plasma nua le cur ina hionad sin a chailltear.

Má chailltear méideanna níos mó d'fhuil, áfach, d'fhéadfadh sé go mbeadh fuilaistriúchán ar an dóigh is fearr leis an fhuil a athchur go gasta. Thig comhábhair fola a úsáid le fuil a athchur le linn gnáthamh mór máinliachta, i ndiaidh timpistí agus i gcás éigeandálaí le linn breith clainne.

In amanna, teipeann ar an smior feidhmiú mar is ceart, agus is é a tháirgeann na cealla fola. Féadann sé seo tarlú de dheasca aicíde nó de bharr cóireálacha leighis amhail ceimiteiripe nó radaiteiripe. Féadann sé seo a bheith sealadach nó fadtréimhseach. Sa chás seo, ceapfar beart cóireála le freastal ar na riachtanais shonracha atá agat féin.

## An é fuilaistriúchán an t-aon rogha amháin atá ann?

Míneoidh an dochtúir nó an banaltra s’agat duit cad chuige a bhfuil fuilaistriúchán de dhíth ort agus pléifidh siad na priacail, na buntáistí agus má tá aon chóireálacha eile ar fáil. Tá sé tábhachtach go dtuigeann tú cad chuige a bhfuil gá leis an fhuilaisitriúchán agus go bhfuil an deis agat aon cheisteanna a chur.

Má tá an anaemacht ort as siocair leibhéil ísle iarainn san fhuil, d’fhéadfadh sé go laghdódh forlíonadh iarainn an gá le fuilaistriúchán. Iarrtar ort a phlé le do dhochtúir más amhlaidh a bheadh an rogha seo bailí i do chás-sa.

As siocair tú i do dhuine fásta, tá sé de cheart agat fuilaistriúchán a dhiúltú, ach caithfidh an tuiscint a bheith agat ar na hiarmhairtí má roghnaíonn tú amhlaidh. Tá roinnt cóireálacha leighis nó obráidí nach féidir a dhéanamh go sábháilte gan fuilaistriúchán. I dtaca le páistí, agus le hothair ar doiligh dóibh eolas casta míochaine a thuiscint, oibreoidh an fhoireann leighis in éineacht leis an othar agus leis an teaghlach nó na cúramóirí, le cinntí a dhéanamh ar son na leasanna is fearr dó.

Má tá tú ag dul isteach fá choinne obráide, d’fhéadfadh sé go mbeadh fhuilaisitriúchán de dhíth, ach thiocfadh dó gur féidir do chuid fola féin a athchúrsáil le linn na hobráide trí phróiseas a dtugtar tarrthálas ceall air. Cuir ceist ar an fhoireann cúraim sláinte s’agat má tá an próiseas seo ar fáil agus, más amhlaidh atá, an mbeadh sé fóirsteanach duitse.

Ar a bharr sin, in amanna is féidir le cógais a fheabhsaíonn téachtadh fola, amhail aigéad traseacsaimeach, a úsáid leis an chailleadh fola a laghdú agus, mar sin de, leis an ghá le fuilaistriúchán a laghdú.

## Cad é a thig liom a dhéanamh roimh obráide leis an ghá le fuilaistriúchán a laghdú?

Má tá obráide beartaithe duit ina bhféadfadh sé go gcaillfeá roinnt fola, ba chóir duit fiacháil le fáil amach má tá tú anaemach. Is féidir go mbeidh comhairle tugtha duit forlíonta iarainn a ghlacadh roinnt seachtainí roimh an ghnáthamh máinliachta s’agat − cuir ceist ar do dhochtúir sa chlinic nó ar do dhoctúir ginearálta (DG) más amhlaidh an cás duitse. Thig leat cuidiú fosta trína dhéanamh cinnte de go n-itheann tú bia a bhfuil iarann ann. De ghnáth, ba cheart go dtabharfadh réim chothrom bia a bhfuil éagsúlacht inti go leor iarann don cholainn.

Má tá tú ag glacadh varfairine nó antaithéachtaigh eile, aspairín nó oibreáin frithphláitíní eile (is féidir “tanaitheoirí fola” a chur ar na cógais seo), iarr ar do dhochtúir ar chóir duit gan iad seo a ghlacadh roimh na hobráide. D’fhéadfadh scor i nglacadh na gcógas seo an méid den fhuiliú a laghdú, ach d’fhéadfadh sé tuilleadh priacail a chur ort ó thaobh fadhbanna eile de. Caithfidh tú deimhniú le do dhochtúir sula scoire tú de ghlacadh cógas ar bith.

## Cén dóigh a thabharfar an fuilaistriúchán dom agus cad é mar a bheas mé ag aireachtáil?

De ghnáth, bíonn fuilaistriúchán tugtha trí fheadán go díreach isteach chuig féith sa ghéag láimhe. I roinnt de na cásanna, is féidir an fuilaistriúchán a thabhairt trí chataitéar lárfhéitheach, go háirithe má bhí ceann acu siúd curtha isteach ionat mar chuid den chóireáil ar do riocht sláinte.

Leis an mhéid fola a fhóireann duit a dhéanamh amach, moltar go mbeidh taifead déanta ar do

mheáchan. D’fhéadfadh níos mó ná mála amháin fola a bheith tugtha duit mar chuid den chóireáil s’agat. Is féidir go nglacfaidh sé suas go 4 uair an chloig le mála de cealla dearga a fhuilaistriú, ach is féidir é a thabhairt go sábháilte ar bonn níos gasta más gá. De ghnáth, glacann na gnáthfhuilaistriúcháin de phláitíní agus de phlasma idir 30 bomaite agus 1 uair an chloig in aghaidh an mhála.

Beidh taifead déanta ar na breathnuithe éagsúla amhail teocht, ráta cuisle agus brú fola, roimh an fhuilaisitriúchán, lena linn agus ina dhiaidh, agus beidh monatóireacht chúramach déanta ort i rith an ama. Ní mhothaíonn formhór na ndaoine rud ar bith as an ghnáth le linn fuilaistriúcháin.

## Priacail atá bainteach le fuilaistriúchán

Is gnáthaimh choitianta iad na fuilaistriúcháin ar féidir leo an beatha a shábháil nó a fheabhsú, agus is fíorannamh go mbíonn an fuilaistriúchán ina údar báis. Ní bhíonn castachtaí ná fadhbanna ag formhór na ndaoine a fhaigheann fuilaistriúchán.

Bíodh sin mar atá, tá priacail atá bainteach leis, agus cuirtear iad seo isteach i gceithre phríomhchatagóir:

**Earráid in aithint an othair**

Tá a lán srianta in áit leis an fhuilaistriúchán s’agat a dhéanamh chomh sábháilte agus is féidir. Tógann na baill foirne céimeanna cúramacha i dtaca le haitheantas de, lena chinntiú go bhfaighidh tú an comhábhar fola ceart atá slán sábháilte duitse.

Roimh an fhuilaistriúchán, tógtar sampla fola lena comhchineál fola a aithint. Caithfear na mionsonraí aitheantais s’agat a bheith curtha ar fheadán an tsampla os do chomhair. Iarrfar ort d’ainm ina iomláine agus do dháta breithe a dhearbhú agus beidh siad seo seiceáilte in éadan banda aitheantais (do na hothair atá san otharlann) agus in éadan na foirme iarratais fola nó a coibhéis sin. Bíonn an tseiceáil seo ann le deimhniú go bhfuil an sampla á thógáil ón duine cheart.

Tá sé riachtanach go bhfuil banda aitheantais á chaitheamh ag gach othar atá ar tí fuilaistriúchán a fháil. Go díreach sula bhfaighe tú an fhuil, iarrfar ort d’ainm ina iomláine agus do dháta breithe a dhearbhú arís. Déanfar an t-eolas seo a sheiceáil in éadan an banda aitheantais s’agat, an mhála den comhábhar fola agus an oidis. Inis do na baill foirne má tá aon cheann de na mionsonraí nó an litriú ar an bhanda aitheantais s’agat contráilte.

**Is ríthábhachtach an t-aitheantas cruinn** - Ná bíodh aon drogall ort a chur i gcuimhne do na baill foirne an t-eolas seo a iarraidh ort muna n-iarrann siad é.

**Frithghníomhuithe**

Ní mhothaíonn formhór na ndaoine difear ar bith iontu féin le linn a bhfuilaistriúcháin. Inseoidh d’fhoireann cúraim sláinte duit cad é is ceart duit a bheith ag súil leis. Tá sé tábhachtach go gcuirfidh tú in iúl do bhall den fhoireann má thagann aon airíonna ort le linn an fhuilaistriúcháin nó ina dhiaidh. Is féidir le roinnt airíonna teacht chun tosaigh tá uaireanta an chloig nó laethanta i ndiaidh an fhuilaistriúcháin. Is fíorannamh go mbíonn frithghníomhuithe diana ann mar thoradh ar fhuilaistriúcháin, ach má tharlaíonn siad, tá na baill foirne oilte lena n-aithint agus cóireáil a chur orthu.

Is féidir le mionfhiabhras, crithfhuacht, lasadh nó gríos teacht ar roinnt daoine, agus de ghnáth tá sé seo de thairbhe frithghníomhú imdhíonachta éadrom nó ailléirge. Is furasta cóireáil a chur air seo, mar shampla trí pharaicéiteamól a thabhairt nó an fuilaistriúchán a thabhairt níos fadálaí.

Déanfaidh an fhoireann cúraim sláinte measúnú fosta le fáil amach an bhfuil baol ort ó mhéadú leachta

i d'imshruthlú, ionas gur féidir bearta a imirt lena chosc. Déanfar monatóireacht ort i rith an fhuilaistriúcháin fá choinne aon airíonna den ghiorra anála. Tugtar an-aird ar an airí seo, agus mar sin is cóir duit cur in iúl do dhuine de na baill foirne láithreach bonn má bhíonn aon deacracht anála agat, ionas gur féidir cóireáil a chur uirthi a luaithe agus is féidir.

Más amhlaidh a bheidh tú ag dul chun an bhaile i ndiaidh an fhuilaistriúcháin, iarr tuilleadh eolais ar d'fhoireann cúraim sláinte ar na nithe a bhfuil ort súil a choinneáil amach dóibh agus cé hé an duine le dul i dteagmháil leis fá choinne tacaíochta agus comhairle má thagann aon airíonna ort.

**Ionfhabhtú**

Bíonn comhábhair fola deonaithe gan íocaíocht ag saorálaithe folláine agus tá an priacal go rachadh aonad ionfhabhtaithe isteach sa tsoláthar fola sa Ríocht Aontaithe go han-íseal. Comhlánaíonn deontóirí ceistneoir gach uair a dheonaíonn siad agus déantar tástáil ar na deonuithe fola gach uair fá choinne réimse d'ionfhabhtuithe féideartha - ina measc siúd, heipitíteas B, C agus E, agus VEID. Mar sin de, tá an seans go mbeadh aon ionfhabhtú traschurtha ann an-íseal, ach ní féidir choíche an priacal a dhíothú go hiomlán.

- Tá an priacal go dteipfeadh ar an tástáil aon aonad fola a aimsiú ina bhfuil ionfhabhtú víreasach sonrach, níos lú ná 1 i ngach milliún (Heipitíteas B níos lú ná 1 in 1 milliún; VEID agus Heipitíteas C níos lú ná 1 in 10 milliún)

- Tá an seans go dtolgfaí an t-athraitheach ar Ghalar Creutzfeldt-Jakob (aGCJ) as fuilaistriúchán go hiontach beag; mar sin féin, ní ghlacann muid deonuithe ó dhaoine a mbeadh priacal níos airde orthu maidir le aGCJ. **Ar an ábhar seo, chan fhuil aon duine a fuair fuilaistriúchán nó aon chomhábhar fola eile ó 1980 amach in ann fuil nó comhábhair fola a dheonú fá láthair.**

- Thiocfadh le baictéir éilliú a dhéanamh ar na cealla dearga agus ar na comhábhair fola eile. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina údar frithghníomhaithe chontúirtigh in aon othar a bhfaigheadh aonaid éillithe. Bíonn muid ag obair go dícheallach leis seo a chosc agus tá na priacail anois ar an chomhleibhéal leis na ionfhabhtuithe eile atá luaite thuas.

**Aimhréidheanna atá bainteach le fuilaistriúchán fadtréimhseach**

Bíonn roinnt othar spleách ar fhuilaistriúcháin thar thréimhsí fada. Is féidir a chur ina measc siúd na hothair a bhfuil talaiséime, anaemacht chorráncheallach nó cliseadh smeara orthu. Féadann fuilaistriúcháin, má dhéantar arís agus arís eile iad, othair a fhágáil níos leochailí ó thaobh aimhréidheanna de, amhail ró-ualú iarainn agus forbairt antasubstaintí. Thig leis an fhoireann leighis s'agat eolas a chur ar fáil ar an dóigh ar féidir na priacail a bhaineann leis na nithe seo a laghdú agus ar aon chóireálacha atá ar fáil.


## An dtig liom mo chuid fola a dheonú chuig páiste nó gaol de chuid féin?

Ní thig leat, as siocair go bhfuil priacail ar leith a bhaineann le fuilaistriúcháin ó ghaolta a dhéanann a leithéid de dheonuithe níos contúirtí ná an fhuil a fháil ó dhuine nach bhfuil gaolta le chéile.

Ba chóir don fhoireann cúraim sláinte s’agat plé a dhéanamh ar aon phriacail nó ar aon bhuarthaí eile atá tábhachtach i dtaca leatsa go sonrach.

D’fhéadfaí a chur sa áireamh leo siúd:

- an tionchar ar fhadhbanna sláinte eile de do chuid
- an tionchar ar roghanna cóireála amach anseo
- cúrsaí creidimh agus cúrsaí eile nach mbaineann le sláinte
- eagla roimh snáthaidí, faitíos roimh shamhnas a bheith ort agus tú ag amharc ar fhuil, nó drochthaití a bhí agat le fuilaistriúchán san am a chuaigh thart
- comhábhair ar leith atá molta ag an fhoireann cúraim sláinte s’agat bunaithe ar roinnt tosca a bhaineann le do chóireáil nó le do riocht sláinte.




Sula dtuga tú do thoiliú le fuilaistriúchán a fháil, **an dtuigeann tú cad chuige a bhfuil fuilaistriúchán de dhíth ort?** Agus an bhfuil na freagraí ar na ceisteanna thuas agat?

Iarrtar ort a insint don fhoireann cúraim sláinte s’agat fá aon bhuarthaí atá agat. Tá sé tábhachtach na buarthaí nó an imní sin a roinnt leo; níl shílfidh siad go bhfuil na faitís sin beag fánach ná gan tábhachtach.

## Dualgas an Ionracais

Cloínn Seirbhísí Fuilaistriúcháin an RA leis an reachtaíocht a bhaineann le Dualgas an Ionracais. Is é a chiallaíonn sé sin go ngníomhaíonn muid ar dhóigh atá oscailte agus follasach má thiteann eachtra amach nach raibh beartaithe nó a bhí gan choinne, agus an chuma air gur údar dochair nó báis í a bhaineann go díreach leis an fhuilaistriúchán. Iarrtar ort a iarraidh ar an fhoireann cúraim sláinte s'agat fá choinne tuilleadh eolais nó gabh chuig an tsuíomh gréasáin seo a leanas:-Duty of candour - GOV.UK (www.gov.uk)

## Gabh i dteagmháil linn

Bhí an bhileog seo curtha i dtoll a chéile ag Líonra Fuilaistriúcháin na hÉireann agus an RA [*UK and Ireland Blood Transfusion Network*] thar cheann na 4 Sheirbhísí Fuilaistriúcháin sa RA. Má tá na bileoga de dhíth ort i bhformáid eile nó má tá tú ag iarraidh tuilleadh acu, is féidir iad a fháil ach dul i dteagmháil le:

**SASANA**

Le hathordú a dhéanamh

**https://hospital.nhsbtleaflets.co.uk**

**Le formáidí eile a fháil**

**NHSBTCustomerService@nhsbt.nhs.uk**

Scottish National Blood Transfusion Service | Northern Ireland Blood Transfusion Service | NHS Blood and Transplant | Gwasanaeth Gwaed Cymru Welsh Blood Service